V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10809 – CD&R / TPG / COVETRUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 262/09)

1. An 28 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Clayton, Dubilier & Rice Fund XI, L.P. agus trí chomhpháirtíocht theoranta eile atá faoi rialú comhchoiteann ("CD&R", na Stáit Aontaithe),

— TPG Partners VIII, L.P. ("TPG Partners VIII"), agus TPG Healthcare Partners, L.P. ("TPG Healthcare") ("TPG", na Stáit Aontaithe),

— Covetrus, Inc. ("Covetrus", na Stáit Aontaithe) (an "Sprioc").

Gheobhaidh CD&R agus TPG comhrialú ar Covetrus ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é CD&R a bhfuil infheistíochtaí aige in earnálacha éagsúla den gheilleagar,

— Is ciste cothromais phríobháidigh é TPG a infheistíonn i gcuideachtaí éagsúla trí fháltais agus athstruchtúrú corparáideach.

— Is cuideachta Covetrus atá liostaithe go poiblí agus atá gníomhach ar fud an domhain mar sholáthraí teicneolaíochta sláinte ainmhithe agus seirbhísí le haghaidh cuideachtaí a thacaíonn leis na margaí coimhdeachta, eachaí agus mór-ainmhithe tréidliachta, tréidlianna agus cleachtóirí sláinte ainmhithe go sonrach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10809 – CD&R / TPG / COVETRUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË